

✿ An Lúibín ✿

4 Iúil 2011

Foinse ar fáil ar líne

Tá leagan clóbhuaile de *Foinse*, ceann de phríomhnuachtáin na Gaeilge, á chur amach saor in aisce leis an *Irish Independent* le breis is bliain go leith. De réir suirbhé iontaofa, tá 195,000 duine á léamh sa Phoblacht, agusanois beidh fáil ag daoine thar lear air, a bhúiochas sin ar an suíomh nua a cuireadh ar bun le déanaí: www.foinse.ie.

Tá síul ag Úna Ní Eidhin, an t-eagarthóir, go mbeidh teacht ag a lán Éireannach air in áiteanna éagsúla ar fud an domhain, go háirithe agus an oiread sin daoine tar éis Éire a fhágáil. Is fiú cuimhneamh freisin ar a bhfuil d'fhoghlaimeoirí san Astráil, i Meiriceá Thuaidh agus in áiteanna eile. Seoladh an suíomh i gCeanada le linn an Oireachtais a bhí ar siúl ann idir 1 agus 3 Iúil.

Seo an dara suíomh den saghas seo a cuireadh ar fáil. Tá www.gaelsceal.ie ann le tamall anuas, agus is é an difríocht atá idir an dá fhoilseachán gur mó an aird a thugann *Foinse* ar chúrsaí nuacha ná ar thráchtairesacht.

◆◆◆◆◆

Comhdháil na mionteangacha

Tá comhdháil le bheith ann ar an Oileán Scítheánach in Albain faoi athneartú na mionteangacha, agus beidh sí ar siúl idir 31 Lúnasa agus 3 Meán Fómhair. Beirt oilte a bheidh ag caint ann: an Dr Conchúr Ó Giollagáin ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, agus an tOllamh Colin Williams ó Ollscoil Caerdydd. Tuilleadh eolais: fios@soillse.ac.uk.

As Baile Átha Cliath don Ghiollagánach, cé go bhfuil sé ina chónaí ar an gCeathrú Ruaanois. Tá taighde déanta aige ar chúrsaí canúineolaíochta, antraipeolaíochta agus shochtheangeolaíochta sa Ghaeltacht. Tá taithí leathan aige ar an saol acadúil, agus comhstiúrthóir é ar 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsaíd na Gaeilge sa Ghaeltacht'. Is iomaí rud foilsithe aige, agus seo cuid bheag dá shaothar:

* 'An Domhandú agus Mionlaigh Teanga,' i B. Mac Cormaic (eag.) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithé*. BÁC: Coiscéim, 2011.

* 'The Eclipse of the First Language Minority Speaker: Deficiencies in Ethnolinguistic Acquisition and its Evasive Discourse,' Lewis, H. and N. Ostler (eds.), *Reversing Language Shift: How to Re-awaken a Language Tradition. Proceedings of the 14th Foundation for Endangered Languages Conference*. Bath: Foundation for Endangered Languages. 2010.

* 'Breac-chríocha na heitintheangeolaíochta agus an forás oideachais sa mhionteanga,' *Comhar Bealtaine* 2011 Iml. 71, Uimh. 5.

* 'Unbalanced bilingualism as a product of bilingual policy', *International Conference on Language Policy and Language Learning*, University of Limerick, 18-20 June 2009.

* 'Leochaileacht shoch-chultúrtha na Gaeltachta comhaimseartha: gnéithe den antraipeolaíocht teangeolaíochta,' *An Seachtú Comhdháil de Theangeolaíocht na Gaeilge*, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, 11-12 Aibreán 2003.

Tá a lán taighde déanta ag an Ollamh Williams ar bheartais agus ar phleanáil teanga, ar chearta grúpaí, ar chaidreamh eitneach, ar fhealsúnacht an neamhéigin, ar thíreolaíocht dhaonna agus ar chúrsaí timpeallachta. Ag seo cuid dá shaothar:

* Mar eagarthóir in éineacht le S. Pertot agus T.M.S.Priestly: *Rights, Promotion and Integration Issues for Minority Languages in Europe*, Basingstoke: Palgrave Macmillan

* 'Conclusion: Identity and Democracy in an Enlarged Europe' in S. Pertot, T. M. S.Priestly and C.H. Williams (eds.), *Rights, Promotion and Integration Issues for Minority Languages in Europe*, Basingstoke: Palgrave Macmillan.

* 'Foras na Gaeilge and Bwrdd yr Iaith Gymraeg: Yoked but not yet shackled,' *Irish Studies Review*, vol. 17. no. 1.

* 'Let Freedom Reign: The Impress of EU Integration on Minority Survival,' in E. Prügl and M. Thiel (eds.), *Diversity in the European Union*, New York: Palgrave Macmillan.



An Taibhdhearc ar ais (beagnach)

Tá amharclann na Taibhdheirce i nGaillimh dúntaanois ó mhí na Samhna 2007, nuair a rinne dóiteán díobháil mhór di. Go dtí le déanaí ní raibh a fhios go díreach cén réiteach a bheadh ar an scéal agus Jimmy Deenihan, Aire na Gaeltachta, á rá nár bhféidir a bheith cinnte de go mbeadh teacht ar an €300,000 a ceadaíodh anuraidh don Taibhdhearc. Dúirt sé nár baineadh feidhm as an maoiniú i rith an bhliaín fhéilire agus go raibh sé imithe ar ais i mbuiséad na Roinne. Ba dheacair don bhord stiúrtha airgead a fháil ó fhoinse eile.

Anois tá an t-airgead geallta arís, in éineacht le €300,000 eile ón gComhairle Chathrach agus an méid céanna ó bhord na hamharclainne. Tiocfaidh cuid na Comhairle ina gálá de €50,000 i rith sé bliana agus tabharfar faoin obair an fómhar seo chugainn.

Ní beag í an bhaint atá ag rath na Taidhbheirce le rath na drámaíochta Gaeilge i gcoitinne, agus tá tréithe ar leith ag an drámaíocht sin. Mar a dúirt Liam Ó Murchú, léachtóir de chuid UCC, i litir chun *The Irish Times* le déanaí, bíonn Gaeilge de gach sórt, idir mhaith agus olc, ag na haisteoíri i ndrámaí Gaeilge. Is minic nach bhfuil ann dá bharr ach stáitsiú míchothrom atá ag iarraidh saol nach raibh riamh ann a léiriú. Fadhbanna eile is ea an teach folamh agus an slua nach dtuigeann cad tá á rá. Comhartha ar chumas Gaeilge an phobail is ea slua measartha mór a bheith ann i gcomhair dráma atá scríofa i nGaeilge bhlasta, rud (dar le mo dhuine) a tharlódh níos minice fiche éigin bliain ó shin. Mar sin féin, tá dóchas ag lucht drámaíochta Gaeilge.



Iarracht eile ar Ghaeltacht uirbeach a bhunú

Dóchas nó mearbhalla? Tá an tóin tite as geilleagar na hÉireann ach tá Gaeltacht chathrach á cur ar bun i mBaile Munna i mBaile Átha Cliath.¹ Tá ocht dteach is tríocha á dtóigáil ag Comharchumann Tithíochta an tSeachtar Laoch (ainm a bhfuil tagairt ann, is dócha, don seachtar a bhí i gceannas ar Éirí Amach na Cásca). Faoi choimirce Ghélór na nGael Bhaile Munna atá an obair á déanamh, agus tacaíocht acu ón mBardas agus ón Roinn Comhshaoil.

Gaeilgeoirí amháin a bheidh ina gcónaí sna tithe sin, agus tithe maihe iad, más fíor: trí sheomra leapa, dhá sheomra folchta, cistin fheistithe, páinéil ghréine (áis is fearr ná a easpa, fiú in Éirinn), gairdín tosaigh agus gairdín cúil. Ní leor duit a bheith i do Ghaeilgeoir; caithfidh tú baint a bheith agat leis an gceantar agus a bheith i do cheannaitheoir céad uair. Bheadh seans agat freisin agus gan agat ach teacht isteach íseal (faoi bhun €38,000), rud a d'fhágfadh ar an liosta tithíochta sóisialta thú. Tá tithe éigin ar fáil ar phraghas faoi bhun €58,000. Gheobhaidh tú dhá ghaelscoil agus gaelcholáiste romhat sa cheantar, agus Setanta, cumann ionánaíochta atá ag iarraidh an dá theanga a chleachtadh.

Tá costas €5.9 milliún ag roinnt leis an tionscadal agus tá baint aige leis an Scéim Láithreán ar Chostas Íseal. Is gearr go mbeidh tacaíocht reachtíul ann freisin, agus rún ag an rialtas aitheantas oifigiúil a thabhairt do 'Gaeltachtaí gréasáin,' ceantair lasmuigh de na Gaeltachtaí oifigiúla. Ach tá a rian fágtha ar an scéal ag an meath náisiúnta: níl ach ceithre dhuine is tríocha ag smaoineamh ar theach a cheannach i nGaeltacht Bhaile Munna aoi láthair. I dtír atá breac le tithe leatógtha tréigthe, ní hé seo an t-am ceart, b'fhéidir, chun coilineacht intíre a bhunú.



¹ Féach 'Gaeltacht Uirbeach á dTóigáil,' Ciarán Mac Fhearghusa, *Gaelscéal*, 17/6/11: www.gaelscéal.ie.

Gaelscolaíocht

Tá éileamh ar an ngaelscolaíocht i gcónai i bPoblacht na hÉireann, ach níl na háiteanna ann.² Gaelscoileanna Teo a bhailigh na figiúirí – 890 páiste ar theip orthu áit a fháil i mbunscoil anuraidh, 340 nach bhfuair áit i ngaelcoil. B'as Cúige Laighean (go háirithe Baile Átha Cliath) don chuid is mó acu siúd a bhí ag fanacht le háit i mbunscoil. Ní fadhb í a bhaineann leis an ngaelscolaíocht amháin, ó tá aiteanna in easnamh ar roinnt mhaith scoileanna lán-Bhéarla freisin.

Tá sé de nós ag roinnt daoine a gclann a chlárú chomh luath is atá siad siúd beirthe. Go dtí le déanaí bhí coistí ina lán contae the ag brath ar bhunscoileanna a bhunú, ach tháinig rialacha nua isteach. Faoi lathair ní féidir scoil nua a oscailt mura bhfuil an daonra ag fás sa cheantar sin. Os a choinne sin, rinne an Coimisiún um Chóiríocht Scoile tuairisc a bhí i leith na Gaeilge. Mur féidir le daoine scoileanna nua a bhunú, beidh ar na scoileanna lán-Ghaeilge atá ann cheana iad féin a mhéadú agus airgead a fháil chuige.

Is dócha go dtiocfaidh laghdú ar chuid den daonra (an chuid atá idir 20 agus 35 bliana d'aois) de bharr na hinimirce – daoine a bheadh in aois clann óg a bheith orthu. I gceann roinnt blianta, b'fhéidir, ní bheidh an oiread sin brú ar na scoileanna, rud a rachaidh ar sochar don ghaelscolaíocht. Córas é a bhfuil rath acadúil air, agus is iomaí post a bheidh ar fáil dá bharr. Anois is arís cuirtear éilteachas i leith scoileanna lán-Gaeilge, rud ba dheacair a chruthú, ós léir nach scothaicme a chuir ar bun iad; ach ní dóichí rud ná gur scothaicme a thiocfaidh astu feasta.



An Bíobla Naofa agus a naimhde

Is iomaí fáth nár mhúnlaigh an Bíobla Naofa an Nua-Ghaeilge mar a mhúnlaigh an *King James Bible* an Béarla. Níor Phrotastúnaigh iad formhór na nÉireannach sa 17ú haois nó ina dhiaidh sin, agus le fada an lá ba dheacair dá bhformhór teacht ar chóip den Bhíobla, fiú agus léamh na teanga acu. Ní hé sin le rá gur shaothar in aisce é na scrioptúir a aistriú, ach bhí stair an Bhíobla Naofa fite fuaite i gcúrsaí achrannacha an tsaoil – cúrsaí cultúir agus creidimh.

An Tiomna Nua

Rinneadh an tSean-Tiomna a fhoilsíú faoi choimirce Robert Boyle (1627-91), fealsúnaí nádúrtha (i.e. fear eolaíochta), agus baint aige le scéim chun téacsanna spioradálta a spré ar mhaithe leis an ngnáthláitheoir. Tá léargas ar an scéal le fáil ó litreacha an Easpaig Dopping, ardeaglaiseach Protastúnach, agus Katherine Jones (1615-91), Bantiarna Ranelagh agus iníon Richard Boyle, an 'great earl of Cork'. Ba dheirfiúr do Robert í Katherine, bean sárolte a raibh suim aici i gcúrsaí eolaíochta, creidimh, leasú sóisialta agus polaitíochta, agus fonn uirthi an Protastúnachas a chur chun cinn i measc na nÉireannach trína dteanga féin, an Ghaeilge.

Ní go rianúil a rinneadh an Protastúnachas a chraobhscaoileadh in Éirinn. Bhí úsáid na teanga mar uirlis soiscéalaíochta ag brath ar chúrsaí difriúla ó thráth go chéile. Mhéadaigh ar an naimhdeas a bhí ann don teanga de dheasca Éiri Amach 1641 agus imeachtaí na mblianta 1689-91, ach i rith na 1630í agus na 1670í, nuair a bhí an saol measartha suaimhneach, tháinig suim ag Protastúnaigh arís in úsáid na Gaeilge chun an pobal a iompú.

Bhí a rian sin ar stair fhoilsitheoireachta an Bhíobla. Nioclás Breathnach, Seán Ó Ceárnaigh agus Nehemias Donellan a chrom ar an Tiomna Nua a aistriú, agus chríochnaigh Uilleam Ó Domhnail, ardeaspag Thuama, an saothar i deireadh an 16ú haois, cé nár foilsíodh é go dtí an bhliain 1602. Rinne Muircheartach Óg Ó Cíonga agus Donncha Ó Sirideáin an Sean-Tiomna a aistriú faoi choimirce Uilleam Bedell sna 1630í ach choisc achrann na bliana 1641 orthu é a chur amach. Tar éis bhás Bedell sa bhliain 1642, thug Ó Sirideáin an lámhscríbhinn do Henry Jones (1605-82), arbh é déan na Cille Móire é ag an am agus easpag na Mí ina dhiaidh sin.

² Féach 'Níl go leor spásanna sna Gaelscoileanna,' Colm Ó Broin, 24/6/11, *Gaelscéal*: www.gaelsceal.ie.

Athmhúsclaíodh spéis san tionscadal sna 1670í, a bhuíochas sin ar Robert Boyle. Bhí fonn ar Bhoyle (a bhí ina chónaí i Sasana) leas na hÉireann, a thír dhúchais, a dhéanamh, agus is dócha freisin go raibh díomá air de bharr a raibh de theacht isteach á fháil aige ó sheantailte na hEaglaise - airgead a bhí ag teastáil go géar ó pharóistí Protastúnacha na tíre. Ar mhaithe lena choinsias, mar sin, a chaith sé airgead ar an mBíobla. Is díol spéise é nach raibh san obair seo ach cuid de thionscadal forleathan misinéireachta i réigiún éagsúla den domhan. Ba é Boyle Gobharnóir Chomhlacht Nua-Shasana, agus barúil aige go raibh iompú na mbundúchasach Meiriceánach ar na príomhchúraimí a bhí air. Chuidigh sé le foilsíú na scrioptúr in Algonquin ag John Eliot i Nua-Shasana agus le hobair Robert Thomson sna hIndiacha Thoir, áit a raibh an Bíobla Malaeise á úsáid.

Aindrias Sall is mó a bhí ag obair ar son Boyle in Éirinn go dtí gur cailleadh é sa bhliain 1682. Ath-Íosagánach ba ea Sall, Éireannach a d'iompaigh ina Phrotastúnach sa bhliain 1674 agus a bhain amach céim DD i gColáiste na Tríonóide. Chuaigh sé ar Ollscoil Oxford sa bhliain 1675, ach faoin mbliaín 1680 bhí a chuid staidéir tréigthe aige agus d'fhill sé ar a thír dhúchais chun dlús a chur le saothar Boyle. Ar nós roinnt daoine eile, lochtaigh sé Protastúnaigh na hÉireann as a fhuarchúisí a bhí siad i ngeall ar 'conversion of the natives'. Nuair a cailleadh é tháinig Narcissus Marsh (1638-1713), propast Choláiste na Tríonóide, ina áit. Bhí Marsh i leith Gaeilge a mhúineadh sa choláiste, rud a scanraigh a chomheaglaisigh Anglacánacha.

An Bíobla iomlán

Chomh luath leis an mbliaín 1680 bhí Henry Jones, caomhnóir lámhscribhinn Bedell, á rá le Boyle gur mhaith an tseift é leagan athchlóite den Tiomna Nua a fhoilsíú in éineacht leis an Sean-Tiomna. Fuair Sall an lámhscribhinn ó Jones sa bhliain 1681 agus í ina 'confused heap, pitifully defaced' a bhí curtha as a riocht ag 'corrector' éigin. B'éigean í a athcheartú chun 'cleere copie' a dhéanamh, obair a bhí idir lámha faoi dheireadh na bliana 1681.

Cailleadh Jones sa bhliain 1682 agus tháinig Anthony Dopping i gcomharbacht air. Bhí gaol ag Dopping le muintir Ranelagh, agus cé go ndúirt sé leis an mBanuasal Katherine go raibh sé i leith obair Boyle chuir se in iúl di go raibh a lán eile ina héadan. Shíl 'polaiteoir' éigin gur chóir teanga agus nósanna na nÉireannach a scrios. Chomh maith leis sin, bhí an-mheas ag na hÉireannaigh fós ar a gcuid sagart agus ar na misninéirí Proinsiasacha, agus shíl roinnt daoine nach nglacfaí le leagan Protastúnach den Bhíobla Naofa. Ba dhóigh leis an mBantiarna Katherine, áfach, gurbh éigean na hÉireannaigh a iompú trína dteanga féin seachas cultúr eile a bhrú orthu ar dtús.

Uilleam Bedell féin a rinne ministir de Thomas Price (1599-1685). Bhí Price ina ard-déagánach i ndeoise na Cille Móire agus é ar aon intinn le Bedell faoi theagasc na nÉireannach ina dteanga féin. Rinne sé a lán ministrí le Gaeilge a oirniú, agus sa bhliain 1678 d'ordaigh sé go léifi seirbhísí Gaeilge ina ardeaglais féin de réir leabhar urnaithe a thug Sall dó.

Bhí lámh ag a lán daoine eile san obair. Dealraíonn sé go raibh Tomás Ó Cofaigh ar dhuine de na ministrí Éireannacha a bhí ag cuiдиú le haistriú na scrioptúr tar éis bhás Sall. Bhí taithí aige ar a bheith ag seanmóireacht i nGaeilge, ach bhí meirg éigin tagtha ar a chuid Eabhraise, agus mhol sé cúpla cainteoir dúchais Gaeilge i mBaile Átha Cliath a bheadh, b'fhéidir, in ann ag an obair: Daniell Sullivan agus Daniell Dornan. Ní fios, áfach, ar baineadh feidhm astu.

Is beag airgead a fuarthas ó na heaspaig Phrotastúnacha chun an Bíobla a chur i gcló, agus ba é Boyle féin a d'foc as an gcuid ba mhó de – timpeall £700, más fíor. Bhí na chéad chóipeanna ar fáil sa bhliain 1686, ach bhac an chléir Phrotastúnach ar iad a dháileadh, agus shocraigh Boyle ar mhórán Bíoblaí a chur chun na hAlban, áit ar mhó an fháilte a bhí rompu. Bhí míshuaimhneas ag teacht ar Phrotastúnaigh na hÉireann. Tháinig Séamas II, Caitliceach, i gcoróin sa bhliain 1685, agus d'athiompaigh cuid de pháirtithe Éireannacha Boyle ina gCaitlicigh. Tháinig amhras ar Phrotastúnaigh go raibh lucht úd na Gaeilge ina bhfeallairí. Chaill Dopping féin an bhá a bhí aige tráth le húsáid na teanga. Bhí an ghráin agus an faltanas ag géarú i ndeireadh an 17ú haois, agus ba ghearr go mbeadh tréimhse na bpéindlíthe ann.

Na soiscéalaithe

San 18ú haois chuaigh na clódóirí áitiúla i neart, agus mhéadaigh ar an méid leabhairíní mangaire a bhí ar fáil i nGaeilge, go háirithe *Pious Miscellany Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin* (c.1715-95), díolaim dánta diaga ar cuireadh amach ocht n-eagrán déag de ar a laghad idir na blianta 1800 agus 1850. Bhí neart caiticeasmaí le fáil ó lár an 18ú haois amach, agus bhí éileamh ar feadh i bhfad ar *Sixteen Irish Sermons in an easy and familiar stile*, leabhar le Séamas Ó Gallchóir (?1680-1751), Easpag Ráth Both (ón m bliain 1725) agus Chill Dara (1737-51), a tháinig amach i mBaile Átha Cliath den chéad uair sa bhliain 1736.

Shíl Whitley Stokes,³ fear eolgaiseach, sa bhliain 1806 go bhféadfadh os cionn 20,000 duine Gaeilge a léamh, as milliún go leith a raibh Gaeilge ó dhúchás acu (cé gur cosúil gurbh airde fós i ndáiríre na huimhreacha sin). Níl aon amhras ná go raibh dúil san fhocal scríofa. Bhí baint ag an scéal le saothrú na lámhscríbhinní, go háirithe i gCúige Mumhan: iad á ndéanamh d'fheirmeoirí, do shagairt agus do phátrúin eile ag scríobhaithe nach raibh a bhformhór róghustalach. Bhí baint aige freisin le hobair na gcumann soiscéalaíoch Protastúnach, ó bhí múinteoirí ar fostú ag cuid acu chun léamh na Gaeilge a mhúineadh, agus ábhar léitheoireachta (bunleabhair agus sleachta as na scrioptúir) á soláthar ag na cumainn féin. Ba dhóigh leis an *Irish Society*, an cumann ba mhó, áfach, gur le spéis i saothrú na teanga féin a thagadh daoine chun a chuid ranganna, seachas le dúil i bhfocal Dé.

I dtús an 19ú haois bhí greim iontach ag an tsoiscéalaíocht ar intinn na bProtastúnach in Éireann, go háirithe i measc na huaisle Anglacánaí agus na haicme gairmiúla agus gnó i mBaile Átha Cliath. Ba é léamh an Bhíobla bun agus barr an scéil, ós tríd sin amháin a nochtfaí an fhírinne. D'fhág seo a rian ar an oideachas. Bhí fás iontach ag teacht ar an méid scoileanna scairte in Éirinn ó na 1730í amach agus é de chlú ar na múinteoirí go raibh siad tugtha don tréas; bhí gá, mar sin, le córas difriúil a mhúsclódh dúil sna scrioptúir agus dílseacht don rialtas. D'ainneoin spré an Bhéarla, ba í an Ghaeilge príomhtheanga na milliún duine fós, agus fonn ar a lán acu léamh na teanga a fhoghlaím. Chrom na cumainn shoiscéalaíochta ar an éileamh sin a shásamh, agus príméir agus sleachta as na scrioptúir mar ábhar acu. Bhí an Irish Society ar na cumainn ab éifeachtaí acu. Níorbh é príomhaidhm an Society daoine a iompú ar an bpointe, ach léamh na scrioptúir i nGaeilge a mhúineadh dóibh chun go mbeidís in ann an cumas sin a úsáid chun léamh an Bhéarla a fhoghlaím. Bhí a lán daltaí Caitliceacha ina chuid scoileanna nár ionpáigh ina bProtastúnaigh riamh agus ba é an scéal céanna ag mórán de na máistrí é – Caitlicigh a chloígh i gcónaí lena gcreideamh féin. Ach chuir an chléir Chaitlicigh agus na ceannairí tuata i gcoinne na soiscéalaithe go dian agus go diograiseach, cé nár sholáthair siad aon chóras eile mar chúiteamh, rud a chuidigh le meath na Gaeilge.

Is minic a deirtear gurb é foilsíú na leabhar is mó a rinne teangacha scríofa na hEorpa a chaighdeánú, agus tábhacht mhór dá réir le téacsanna cráifeacha de chuid na n-eaglaisí. Ní gá ach cuimhneamh ar Bhíobla Luther agus ar an Bíobla Breatnaise (1588). Chun a leithéid de théacs a scaipeadh agus caighdeán nua a chruthú in Éirinn b'éigean foras láidir a bheith ann agus baint aige le feasú forleathan creidimh. Mar a chonaiceamar, níor éirigh leis na Protastúnaigh é sin a dhéanamh. Níor éirigh leis an Eaglais Chaitliceach ach oiread agus an droch-chaoi a bhí uirthi sa 17ú haois; faoin am a raibh an Eaglais ina neart arís is é an Béarla a bhí in uachtar. Mar sin féin, bhí an Bíobla Protastúnach á léamh ag Caitlicigh. Tá cuntas againn, mar shampla, sa bhliain 1824 ó lámh an Athar Siomón Breatnach, sagart a bhí ag obair tráth i gContae Chill Chainnigh, agus cur síos aige ann ar a raibh de chóipeanna den Bhíobla Naofa á léamh le fonn ina chomharsanacht féin. Ní hí a eaglais féin a chuirfeadh a leithéid ar fáil ná a chuirfeadh léamh na teanga á mhúineadh. Agus díoladh as.

Le léamh:

Betsey Taylor Fitzsimon, ‘Conversion, the Bible and the Irish Language: the correspondence of Lady Ranelagh and Bishop Dopping,’ in *Converts and Conversion in Ireland, 1650-1850*, Michael Brown, Charles Ivar McGrath and Thomas P. Power (eds.), Four Courts Press, 2005.

³ Dochtúir agus soiscéalaí ba ea Whitley Stokes (1763-1845) a scríobh folcóir Béarla-Gaeilge agus a rinne trácht ar chúrsaí daonra agus geilleagair in Éirinn. Scoláire mór Sean-Ghaeilge ba ea a ghamhac, Whitley eile (1830-1909).

Niall Ó Ciosáin, *Print and Popular Culture in Ireland, 1750-1850*, MacMillan Press Ltd, 1997.

Pádraig de Brún, *Scriptural Instruction in the Vernacular: The Irish Society and its teachers 1818-1827*, Dublin Institute for Advanced Studies, 2009.

Irene Whelan, 'The Bible Gentry: Evangelical Religion, Aristocracy, and the New Moral Order in the Early Nineteenth Century' in *Protestant Millennialism, Evangelism and Irish Society, 1790-2005*, Crawford Gribben and Andrew R. Holmes (eds.), Palgrave Macmillan 2006.

An Bíobla Naofa (eagrán 1817):

http://books.google.ie/books?id=z5sOAAAAQAAJ&dq=%22Biobla+Naomhtha%22&printsec=frontcover&source=bl&ots=rP9qdClg6D&sig=n3xAE1w59OvwEcybbkRxurmEO_g&hl=en&ei=YMj2SeTSH8ahjAf6rvDPDA&sa=X&oi=book_result&ct=result&resnum=1#v=onepage&q&f=false.

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Iarracht eile ar Ghaeltacht uirbeach a bhunú

Tá Gaeltacht chathrach á cur ar bun⁴ i mBaile Munna i mBaile Átha Cliath. Faoi choimirce⁵ Ghlór na nGael Bhaile Munna atá an obair á déanamh.

Gaeilgeoirí amháin a bheidh ina gcónai sna tithe sin, agus tithe maithe iad. Caithfidh tú a bheith i do Ghaeilgeoir agus baint a bheith agat leis an gceantar. Tá dhá ghaelscoil agus gaelcholáiste sa cheantar.

Tá costas €5.9 milliún ag baint leis an tionscadal, agus tá an rialtas chun aitheantas oifigiúil a thabhairt do ‘Gaeltachtaí gréasáin’ lasmuigh de na Gaeltachtaí oifigiúla. Ach is deacair ceannaitheoirí a fháil faoi láthair agus drochbhail ar an tir. Tá mórán tithe tréigthe⁶ in Éirinn.

Gaelscolaiocht

Is deacair do dhaoine daoine áiteanna a fháil dá gclann sna gaelscoileanna anois. Theip ar⁷ 890 páiste ar áit a fháil i mbunscoil anuraidh, agus theip ar 340 áit a fháil i ngaelsccoil. I gCúige Laighean a bhí an chuid is mó acu de na daoine a bhí ag iarraidh áit a fháil. Tá an fhadhba chéanna ag scoileanna lán-Bhéarla.

Tá nós ag daoine éigin páiste a chlárú⁸ do scoil lán-Ghaeilge chomh luath is a thgann an páiste sin ar an saol.⁹ Ach tá deacrachtaí ann anois. Faoi lathair ní féidir scoil nua a oscailt mura bhfuil an daonra ag fás sa cheantar sin. B’fhéidir go mbeadh ar na scoileanna lán-Ghaeilge atá ann cheana iad fén a mhéadú.

Is dócha go dtiocfaidh laghdú de bharr na hinimirce. Dá bhri sin, b’fhéidir nach mbeadh an oiread sin brú ar na scoileanna feasta.

An Bíobla in Éirinn

Foilsíodh an Tiomna Nua i nGaeilge sa bhliain 1602. Aistríodh an Sean-Tiomna go Gaeilge níos déanaí faoi choimirce¹⁰ an easpaig Uilliam Bedell. Rinneadh an tSean-Tiomna a fhoilsíú le cúnamh Robert Boyle, eolaí a rugadh in Éirinn. Fuair sé cúnamh ó Katherine, a dheirfiúr. Ba í Bantiarna Ranelagh í agus bhí sí an-éirimíúil. Shil sí gur cheart an Protastúnachas a chur chun cinn¹¹ i measc na nÉireannach trí Ghaeilge agus an leagan Gaeilge den Bhiobla Naofa a úsáid chuige.¹²

Chuir Robert Boyle suim san obair sa chuid dheireanach den seachtú haois déag. Bhí sé ag díol as foilsíú an Bhiobla i dteangacha eile chun go mbainfeadh misinéiri tairbhe as. Bhí fonn air leas na hÉireann a dhéanamh,¹³ agus bhí a choinsias á phriocadh toisc go raibh tailte ina sheilbh¹⁴ aige ar leis an Eaglais tráth iad.¹⁵

Aindrias Sall is mó a bhí ag obair ar son Boyle in Éirinn. Ath-Íosagánach ba ea Sall, Eireannach a d'iompaigh ina Phrotastúnach.¹⁶ Lochtaigh sé Protastúnaigh na hÉireann toisc

⁴ Á chur ar bun – being established

⁵ Faoi choimirce – under the auspices

⁶ Tréigthe - abandoned

⁷ Theip ar – (they) failed to

⁸ Páiste a chlárú – to register/enrol a child

⁹ (tagann) ar an saol – (comes) into existence, is born

¹⁰ Faoi choimirce – under the auspices

¹¹ An Protastúnachas a chur chun cinn – to promote Protestantism

¹² Chuige – for that purpose

¹³ Leas na hÉireann a dhéanamh – act for the good of Ireland

¹⁴ Ina sheilbh – in his possession

¹⁵ Ar leis an Eaglais tráth iad – which had once been owned by the Church

¹⁶ Éireannach a d'iompaigh ina Phrotastúnach – an Irishman who converted to Protestantism

nach raibh siad ag iarraidh pobal na tíre a iompú. Nuair a fuair sé lámhscribhinn an tSean-Tiomna b'éigean dó na leathanaigh a chur in eagair agus slacht a chur orthu. Nuair a cailleadh é tháinig Narcissus Marsh, propast Choláiste na Tríonóide, ina áit.¹⁷ Shíl Marsh gur cheart Gaeilge a mhúineadh sa choláiste, rud a scanraigh Protastúnaigh eile.

Scriobhadh Katherine chun Anthony Dopping, easpag Protastúnach in Éirinn. Dúirt sé léi gur shíl daoine áirithe gur chóir teanga agus nósanna na nÉireannach a scrios. Chomh maith leis sin, bhí an-mheas ag na hÉireannaigh fós ar a gcuid sagart, agus b'fhéidir nach nglacfaí le leagan Protastúnach den Bhiobla Naofa. Ba dhóigh leis an mBantiarna Katherine, áfach, nár cheart cultúr eile a bhrú ar na hÉireannaigh.

Bhí baint ag daoine eile le soiscéalaíocht¹⁸ i nGaeilge. Rinne Thomas Price, cara le Bedell, a lán ministri le Gaeilge a oirniú,¹⁹ agus d'ordaigh sé go léifi seirbhísí Gaeilge de réir leabhar urnaithe a thug Sall dó. Bhí lámh ag Tomás Ó Cofaigh in aistriú an Bhiobla, agus bhí aithne aige ar chainteoírí dúchais i mBaile Átha Cliath a bheadh in ann cuidiú leis an obair.

Cuireadh an Sean-Tiomna agus an Tiomna nua amach le chéile in ochtóidí an seachtú haois déag, agus Robert Boyle a d'ioc as²⁰ an gcuid ba mhó de. Ach bhí míshuaimhneas ag teacht ar Phrotastúnaigh na hÉireann. Tháinig Séamas II, Caitliceach, i réim²¹ sa bhliain 1685. Bhí an ghráin agus an faltanas ag géarú, agus ba ghearr go mbeadh tréimhse na bpéindlithe ann.

San ochtú haois déag mhéadaigh ar an méid leabhar a bhí ar fáil i nGaeilge. Bhí amhráin diaga, caiticeasmaí agus seanmóiri le fáil. Bhí léamh na Gaeilge ag na milte, agus bhí níos mó daoine fós ann ar mhian leo léamh na Gaeilge a fhoghlaim. Bhí mórán lámhscribhinní²² ann, go háirithe i gCúige Mumhan, agus i bhfichidí an naoú haois déag bhí soiscéalaithe Protastúnacha ag iarraidh léamh na Gaeilge a mhúineadh chun go mbeadh an pobal in ann an Bhiobla a léamh. Ba é an Irish Society an cumann ba mhó acu, agus d'admhaigh sé gur le spéis i saothrú na teanga²³ a thagadh daoine chun a chuid ranganna. Dealraíonn sé, áfach, go raibh spéis mhór acu sa Bhiobla i nGaeilge, cé nár iompaigh mórán acu ina bProtastúnaigh. Chuir an chléir Chaitlicigh agus ceannairí na gCaitliceach i gcoinne na soiscéalaithe, ach níor thug siad iarracht ar ranganna Gaeilge dá gcuid fein a chur ar bun.

¹⁷ Tháinig..ina áit – replaced him

¹⁸ Soiscéalaíocht – Evangelism

¹⁹ Oirniú - ordain

²⁰ D'íoc as – paid for

²¹ I réim – into power

²² Lámhscribhinní - manuscripts

²³ Le spéis i saothrú na teanga - because of an interest in the cultivation of the language